Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

*Fógra Faisnéise*
*Sealbhóirí Oifige*

# Bronntanais do Shealbhóirí Oifige

## Cad is sealbhóir oifige ann?

Luaitear in alt 2 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (an tAcht), go gciallaíonn sealbhóir oifige:

- Duine ar Aire den Rialtas nó ar Aire Stáit é/í; nó
- Duine ar Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach Dháil Éireann nó ar Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach Sheanad Éireann é/í.

## Cad is bronntanas ann?

Foráiltear leis an Acht go gciallaíonn "bronntanas" bronntanas airgid nó maoine eile, seachas síntiús (de réir bhrí an Achta Toghcháin, 1997). Ní mheastar gur bronntanais chun críche an Achta um Eitic iad dámhachtainí acadúla agus taidhleoireachta áirithe.

## Cé na bronntanais a bhféadfar glacadh leo?

Ní fhéadfar glacadh le haon bhronntanas ar mó a luach ná €650, ach amháin i gcás go bhfaightear é ó chara nó ó ghaol.

Féadfar glacadh le haon bhronntanas ar lú a luach ná €650, ach amháin i gcás go sáraíonn sé na forálacha atá i reachtaíocht eile, lena n-áirítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe), 2018. Mar shampla, is inghlactha, de ghnáth, a bhíonn aon bhronntanais a fhaightear ó thoscaireacht eachtrach ar cuairt nó aon ní a thugtar chun buíochas a ghabháil le duine as óráid a thabhairt.

Foráiltear leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe), áfach, go ndéanfar talamh slán de gur go héillitheach a tugadh agus a fuarthas aon bhronntanas a thug duine, nó a tugadh thar ceann duine, d'oifigeach i gcás go bhfuil leas ag an duine sin i bhfeidhmeanna an tsealbhóra oifige. Dá bhrí sin, tá bronntanais den sórt sin toirmiscthe.

## Cé na nithe nach mór do shealbhóir oifige a dhéanamh tráth a fhaigheann sé/sí bronntanas ar mó a luach ná €650?

Ní mór do shealbhóir oifige aon bhronntanas ar mó a luach ná €650 a tugadh dó/di féin nó dá c(h)éile, dá p(h)áirtnéir sibhialta, dá leanbh nó do leanbh de chuid a c(h)éile nó a p(h)áirtnéara shibhialta de bhua a (h)oifige a thabhairt suas. Measfar gur bronntanas don Stát é aon bhronntanas den sórt sin agus dílseoidh sé don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ní mór don sealbhóir oifige an bronntanas a chur in iúl d'Ard-Rúnaí an Rialtais a luaithe is féidir agus an mhaoin a choinneáil faoina c(h)oimeád go dtí go bhfaighfear treoracha ón Ard-Rúnaí maidir lena diúscairt. Ní mór don Ard-Rúnaí socrú a dhéanamh do choimeád na maoine nó dá diúscairt trí dhíol nó trí bhronntanas. I gcás díola, féadfar na fáltais a íoc leis

an Státchiste nó a thabhairt do charthanas. Tá oibleagáid ar an sealbhóir oifige cloí leis na treoracha ón Ard-Rúnaí.

*I gcás aon amhrais, cinnfidh Ard-Rúnaí an Rialtais an luach ar aon bhronntanas agus socróidh sé/sí an cheist maidir le cé acu a tugadh nó nár tugadh aon bhronntanas de bhua na hoifige a shealbhaítear.*

**Cé na cásanna ina bhféadfaidh Sealbhóir Oifige glacadh le bronntanas?**

Níl feidhm ag an gceanglas géillte maidir le bronntanais ar lú a luach ná €650, maidir le síntiúis pholaitíochta (ar féidir go mbeidh siad in-nochta faoin Acht Toghcháin) ná maidir le bronntanais a thug cara, gaol nó páirtnéir sibhialta ar chúiseanna pearsanta. Is inghlactha atá bronntanais a fhaightear de bhua oifig nó post eile a shealbhaítear nó de bharr an stádais atá ar teachtadh ag an bhfaighteoir i gcáil eile.

**Eile**

Ina theannta sin, níor cheart do shealbhóirí oifige ná dá gcéilí/bpáirtnéirí glacadh le tairiscintí taistil nó cóiríochta saor in aisce i dtaca le gníomhaíochtaí oifigiúla, i gcás go ndéanann saoránaigh phríobháideacha nó fiontair phríobháideacha na tairiscintí sin. Féadfar lánrogha a úsáid i gcás go bhfuil an sealbhóir oifige ina (h)aoí oifigiúil de chuid Rialtais eile nó comhlachta oifigiúil eile.

Ba cheart do shealbhóirí oifige bheith cúramach go háirithe agus iad ag glacadh le bronntanais nó le fáilteachas ó chairde nó ó dhaoine bainteacha (mar atá sainmhínithe san Acht) i gcás go bhféadfadh daoine den sórt sin tairbhe a bhaint nó caillteanas a fhulaingt de bharr cinneadh a rinne sealbhóir oifige nó an Rialtas nó atá le déanamh ag sealbhóir oifige nó ag an Rialtas agus i gcás go bhfuil an sealbhóir oifige ar an eolas faoin méid sin.

Ba cheart do shealbhóirí oifige eolas a chur ar na treoirlínte arna bhfoilsiú ag an Rialtas ar na bearta atá le déanamh i gcás go dtairgtear nó go dtugtar maoin nó seirbhísí do shealbhóir oifige, do chéile nó do leanbh saor in aisce nó faoi bhun an phraghais tráchtála nó i gcás go dtairgtear nó go dtugtar maoin ar iasacht dóibh saor in aisce nó faoi bhun an phraghais tráchtála.

Níor cheart do chomhaltaí den Oireachtas glacadh le haon bhronntanas a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a chruthú nó cur isteach ar fheidhmiú macánta neamhchlaon a gcuid dualgas oifigiúil. Ba cheart dóibh bheith cúramach freisin agus iad ag glacadh le bronntanais ó dhuine éigin a d'fhéadfadh brústocaireacht a dhéanamh orthu níos déanaí.

**An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015**

Faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, d'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin Cód Iompair do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta. Tháinig an Cód i bhfeidhm an 1 Eanáir 2019. Ba cheart do gach sealbhóir oifige ar oifigigh phoiblí ainmnithe iad chun críocha na reachtaíochta brústocaireachta eolas a chur ar an gCód.

Déileálann Prionsabal 6 den Chód le tionchar míchuí. Luaitear sa Chód nár "cheart do dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta féachaint, le linn a g(h)níomhaíochtaí brústocaireachta, le braistint oibleagáide a chur ar an oifigeach tofa nó ceaptha trí bhronntanais nó fáilteachas a thairiscint don oifigeach". Foráiltear leis an gCód freisin gur "cheart do dhuine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta bheith ar an eolas faoi aon riail

nó aon chód iompair a bhfuil feidhm acu maidir le hoifigigh phoiblí thofa nó cheaptha a bheith ag glacadh le bronntanais nó le fáilteachas".

**An dteastaíonn tuilleadh faisnéise uait?**

Mura bhfuil tuiscint shoiléir agat faoi do chuid oibleagáidí maidir le bronntanais nó maidir le haon ní eile, molann an Coimisiún duit comhairle a lorg. Déan teagmháil linn ar na bealaí seo a leanas:
18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2
Teileafón: (01) 639-5666
Ríomhphost: sipo@sipo.ie
Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie
@SIPOCIreland